

## **Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí**

### **Oifigeach Bunachar Sonraí Feithidí Náisiúnta**

**Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta tiomanta do bheartas comhdheiseanna.**

**Dáta Deiridh d'Iarratais:**

**5in Dé Máirt an 30ú Aibreáin 2024**

**(Ní bhreithneofar Iarratais Dhéanacha)**

## AN POST

### Cúlra

Bunaíodh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta i mí na Nollag 2022, tar éis chinneadh an Rialtais an tionscnamh a chur ar bhonn níos sláine, chun an Ionad a chumhachtú agus a acmhainniú níos fearr chun tacú le comhiarracht náisiúnta na hÉireann chun cailteanas bithéagsúlachta a aisiompú agus chun cur le hathchóiriú an dúlra. Is é príomhról an Ionaid ná cur le tógáil an bhunachar eolais ar bhithéagsúlacht agus rianú a dhéanamh ar an athrú atá ag teacht air in Éirinn. Oibríonn sé lena chinntiú go mbíonn fáil níos éasca ar shonraí agus ar fhaisnéis faoi bhithéagsúlacht na hÉireann le húsáid i dtaighde, i mbainistíocht caomhnaithe agus i gcinnteoireacht. Tá sé mar thosaíocht ag an Ionad a chinntiú go bhfuil rochtain éasca ar shonraí agus ar fhaisnéis do phobail áitiúla agus do dhaoine aonair chun tuiscint agus léirtheiscint níos fearr ar bhithéagsúlacht ag an leibhéal áitiúil a chur chun cinn. Is eintiteas a fhaigheann maoiniú poiblí den chuid is mó é an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, seachas comhlacht earnála poiblí.

Tá bonneagar digiteach bithéagsúlachta fairsing tógtha agus á bhainistiú ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun freastal ar go leor de na riachtanais náisiúnta um bhainistiú sonraí bithéagsúlachta. Tairgtear an bonneagar seo mar sheirbhís chomhroinnte d'eagraíochtaí comhpháirtíochta chun cabhrú lena riachtanais bhainistíochta sonraí bithéagsúlachta agus chun éascú le slógadh sonraí. Mar thoradh air seo tá bunachar sonraí bithéagsúlachta náisiúnta ina bhfuil níos mó ná sé mhiliún taifead ar tharluithe speiceas de bheagnach 18,000 speiceas ag deireadh na bliana 2023.

In ainneoin an líon mór tacair sonraí a bhfuil sonraí tarluithe iontu, tá bearnaí suntasacha fós inár n-eolas ar chuid de na grúpaí tacsanomaíochta nach bhfuil mórán staidéir déanta orthu. Tá sé seo fíor go háirithe maidir lenár n-eolas ar fheithidí; cuimsíonn feithidí céatadán an-mhór de na speicis a fhaightear in Éirinn agus soláthraíonn siad raon seirbhísí éiceachórais. Ar an gcúis seo, tá sé mar thosaíocht ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta feabhas a chur ar ár n-eolas ar fheithidí.

Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ag iarraidh Oifigeach Bunachar Sonraí Feithidí Náisiúnta a cheapadh chun oibriú le príomh-chomhpháirtithe chun ár n-eolas ar fhána feithidí na hÉireann a fheabhsú.

Ag tuairisciú don Phríomhoifigeach Eolaíoch, beidh an tOifigeach Náisiúnta Bunachar Sonraí Feithidí freagrach as bunachair sonraí náisiúnta feithidí a fhorbairt agus as cumas a fhorbairt chun feithidí a thairfeadh agus a ndáileadh in Éirinn.

### Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí

- Athbhreithniú ar staid reatha an eolais ar fheithidí na hÉireann
- Príomhbhearnaí eolais a aithint. Áireofar leis sin na grúpaí sin a dteastaíonn seicliostaí nó suirbhéanna breise uathu a shainaithint; chomh maith leo siúd a bhféadfaí bunachair sonraí náisiúnta a fhorbairt dóibh, agus iad siúd a bhféadfaí Liostaí Dearga a fhorbairt nó a nuashonrú ina leith.
- Plean oibre tosaíochta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí eolais seo laistigh de Phlean Straitéiseach reatha an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (2024-2028)
- Cabhrú leis an riaráiste de bhailíochtú feithidí atá le próiseáil ó Léarscáileanna Bithéagsúlachta
- Ceardlanna feithidí a sheachadadh laistigh de chlár ceardlann bliantúil an Ionaid
- Acmhainní oiliúna ar líne agus cóip chrua a fhorbairt do ghrúpaí feithidí nach bhfuil taifead imleor orthu
- Cabhrú le cruinnithe allamuigh atá dírithe ar fheithidí a eagrú agus a sheachadadh
- Sainghrúpaí malartaithe eolais a bhunú le cur ar chumas oibríthe deonacha breisoiliúint a chur ar shainaithint tacsanomaíoch príomhghrúpaí feithidí nach bhfuil taifead orthu, m.sh. foichí, seangáin
- Obair allamuigh chun suirbhé a dhéanamh ar ghrúpaí feithidí nach bhfuil taifead imleor orthu
- Comhoibriú le hArd-Mhúsaem na hÉireann – Stair an Dúlra ar bhailiúcháin feithidí a dhigitiú agus eiseamail dearbháin a thaisceadh
- Cur le hobair ghinearálta an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta de réir mar a iarrtar;
- Tabhair faoi dhualgais eile a d'fhéadfaí a shannadh ó am go chéile;
- A chinntiú go ndéantar sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú go gníomhach agus go gcuirtear cultúr dearfach sláinte agus sábháilteachta chun cinn.

### **Beidh ar na hOifigigh Bhunachar Sonraí Feithidí Náisiúnta:**

- Cur le hobair ghinearálta an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta de réir mar a iarrtar.
- A bheith inoiriúnaithe agus solúbtha, agus an cumas acu glacadh le hathrú, scileanna nua a fhoghlaim go tapa agus freagrachtaí breise a ghlacadh mar chuid d'eagraíocht nuafhorbartha.
- A chinntiú go ndéantar sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú go gníomhach agus go gcuirtear cultúr dearfach sláinte agus sábháilteachta chun cinn.
- Cur le heagrú agus rannpháirtíocht chomhdhálacha nó imeachtaí eagraíochta eile de réir mar is gá.

- Postáil go rialta chuig cainéil meán sóisialta an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta
- Cuir alt leis an iris Bithéagsúlacht na hÉireann
- Leanúint ar aghaidh leis an oiliúint ghairmiúil chun an cumas chun ról a chomhlíonadh a fheabhsú agus leanúint ar aghaidh ag freastal ar chúrsaí oiliúna agus ar chomhdhálacha ábhartha mar a sainaitníodh.
- Nuashonruithe ar dhul chun cinn an chláir oibre a sholáthar go rialta don bhainisteoir líne ar dualgas, agus do chruinnithe ráithiúla Bhord an INSB agus tuarascálacha bliantúla.
- Beartais agus nósanna imeachta ábhartha uile an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a chomhlíonadh.
- Tiomantas do mheas agus dínit a bheith acu do chách, mar aon leis an gcumas oibriú go dearfach le comhghleacaithe, le comhoibrithe agus le hoiliúnaithe ó raon éagsúil cúlraí.

### Critéir\_Riachtanacha don ról

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú ina litir chumhdaigh agus Curriculum Vitae go gcomhlíonann siad na critéir riachtanacha go léir thíos.

Caithfidh gach iarrthóir, ar an dáta is déanaí chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur isteach;

- Céim aitheanta, Leibhéal 8 sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, in ábhar atá ábhartha don bhithéagsúlacht m.sh. eolaíocht an chomhshaoil, bainistíocht comhshaoil, éiceolaíocht, domhaneolaíocht/ eolaíochtaí nádúrtha, zó-eolaíocht, luibheolaíocht, bainistíocht acmhainní nádúrtha,
- Agus/nó
- Cáilíocht iarchéime ábhartha Leibhéal 9 sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a shealbhú in ábhar atá ábhartha don bhithéagsúlacht m.sh. eolaíocht chomhshaoil, éiceolaíocht, domhaneolaíocht/eolaíochtaí nádúrtha, zó-eolaíocht, luibheolaíocht nó bainistíocht acmhainní nádúrtha.
- Eolas speisialta a bheith acu ar ainmníocht feithidí agus tacsanomaíocht.
- Taithí a bheith acu ar bhunachair shonraí tacsanomaíocha digiteacha a fhorbairt agus tuiscint a fháil ar chaighdeán choimeádaíochta do bhailiúcháin feithidí.
- Scileanna sainaitheanta tacsanomaíocha agus suirbhé allamuigh ar bhonn leathan a bheith acu.
- Taithí a bheith acu ar chúrsaí oiliúna nó acmhainní a sholáthar chun cur le cumas sainaitheint speiceas.
- Scileanna maith tuairiscithe, eagrúcháin agus bainistíochta.
- Scileanna spreagtha, cumarsáide agus idirphearsanta den scoth a bheith acu.
- An cumas oibriú go neamhspleách agus i dtimpeallacht foirne le scileanna láidre eagrúcháin agus bainistithe ama.

Ceart iomlán oibre a bheith acu in Éirinn.

### Scileanna Pearsanta

- Breithiúnas, smaointeoireacht anailíseach, scileanna fadhbréitigh agus cinnteoireachta agus scileanna ceannaireachta agus idirphearsanta den scoth ag leibhéal bainistíochta na heagraíochta a léiriú.
- Scileanna den scoth maidir le scríobh tuairiscí, idirphearsanta, cumarsáide agus tionchair.
- Taithí i mbainistíocht athruithe.
- Na scileanna agus na straitéisí riachtanacha a bheith acu chun teagmháil láidir le geallsealbhóirí a thógáil chun caidrimh chomhoibríocha éifeachtacha agus marthanacha a dhéanamh.

Ós rud é go bhfuil an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ina chéim bhunaíochta tosaigh mar CTR, beidh an timpeallacht oibre dinimiciúil agus éabhlóideach, ag iarraidh ar gach ball foirne glacadh le agus bainistiú a dhéanamh ar athrú agus freagrachtaí nua a ghlacadh de réir mar is gá. Mar thoradh air sin, níor cheart breathnú ar na freagrachtaí atá leagtha amach sa jabthuirisc seo mar raon feidhme ionchuimsitheach agus féadfar iad a chur leis nó a athrú de réir mar is gá, ag teacht le riachtanais an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

### Tuairisciú

Tuairisceoidh Oifigeach Bunachar Sonraí Feithidí Náisiúnta don Phríomhoifigeach Eolaíoch.

## COINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

### Tionacht

Tá an post lánaimseartha agus buan.

### Tuarastal

Is é an scála tuarastail do phost an Oifigigh Bhunachar Sonraí Feithidí Náisiúnta ná: €40,000 – €41,500 – €43,500 – €45,000 – €47,000 – €48,750– €50,500 – €52,000 – €54,000 , agus arduithe á mbronnadh go bliantúil, faoi réir feidhmíochta shásúil sa ról. Tar éis 3 bliana ar an uasmhéid, beidh Incrimint Fadseirbhíse go dtí €55,000 ar fáil, agus beidh Incrimint Fadseirbhíse breise go dtí €57,000 ar fáil tar éis 3 bliana eile, agus beidh an dá cheann acu faoi réir ag feidhmíocht shásúil sa ról arís.

### Saoire Bhliantúil

23 lá in aghaidh na bliana. Ag ardú go 24 tar éis 5 bliana seirbhíse agus go 25 tar éis 10 mbliana seirbhíse.

### Áit oibre

Is é an áit oibre ná Ceanncheathrú an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, Teach Ghort na Feá, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), An Campas Thiar, Cloch an Óir, Co. Phort Láirge, X91 PE03.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil polasaí oibre hibrideach i bhfeidhm ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta faoi láthair, atá faoi réir athraithe chun freastal ar riachtanais an ghnó. Faoi láthair, éilíonn an polasaí ar an bhfoireann oibriú ón oifig i gCloch an Óir ar a laghad dhá lá in aghaidh na seachtaine.

### Uaireanta Tinrimh

Is í an ghnáthsheachtain oibre ná 37.5 uair, 09.00 – 17.30 Luan go hAoine, agus uair an chloig don lón.

Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a oibriú ó am go ham de réir mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin um amanna oibre. Ní bhainfidh rátaí ragoibre le huaireanta breise a oibreofar lasmuigh de ghnáthuaireanta.

### Scor / Aoisliúntas:

Cuirfidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ranníocaíocht pinsin 5% ar fáil do Chuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP) an fhostaí.

### Promhadh

Beidh tréimhse tar éis don cheapachán teacht in éifeacht ar lena sealbhóidh an duine ceaptha a fhostaíocht ar phromhadh. Sé mhí a bheidh sa tréimhse sin, ach féadfaidh an Príomhfheidhmeannach, dá rogha féin, an tréimhse sin a fhadú. Féadfaidh duine scor dá leithéid d'fhostaíocht ag deireadh na tréimhse seo de rogha an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

Léiríonn an méid thuas na príomhchoinníollacha fostaíochta agus níl sé beartaithe é a bheith mar liosta ionchuimsitheach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir a leagfar amach i gconradh fostaíochta mionsonraithe a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir rathúil.

## Próiseas Iarratais

### Modhanna Roghnúcháin

Féadfaidh aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a bheith sa phróiseas roghnúireachta:

- Iarrthóirí a ghearrliostú. Is é an Ionad Náisiúnta le haghaidh Sonraí Bithéagsúlachta a chinnfidh líon na n-iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh. Déanfaidh Sigmar Recruitment an gearrliostú thar ceann an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta i gcoinne na gcritéar atá sonraithe don phost agus ar bhonn na faisnéise atá i Litir Chumhdaigh agus CV an iarrthóra amháin. Cé go bhféadfadh iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, má tá líon na n-iarratas ar an bpost chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, féadfaidh Sigmar Recruitment a chinneadh go nglaofar líon níos lú chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Maidir leis seo, déanann Sigmar Recruitment foráil d'fhostú próiseas gearrliostaithe chun grúpa a roghnú, bunaithe ar scrúdú ar an CV agus ar an Litir Chumhdaigh, a bhfuil an chuma orthu gurb iad na daoine is oiriúnaí don phost. Ní hionann sin is a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó éagumasach chun an post a dhéanamh, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu. Féadfaidh na critéir riachtanacha agus inmhianaithe araon a shonraítear don phost a bheith ar áireamh sna critéir ghearrliostaithe. Tá sé chun do leasa féin mar sin cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/taithí i do Litir Chumhdaigh agus CV.
- Agallamh.
- Féadfaidh an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta painéal a chruthú óna bhféadfar folúntais ag an ngrád sonraithe a líonadh amach anseo.

Tá sé i gceist agallaimh a chur ar siúl le linn na seachtaine dar tús Dé Luain an 6ú Bealtaine 2024 ag oifigí an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, Teach Ghort na Feá, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), An Campas Thiar, Cloch an Óir, Co. Phort Láirge, X91 PE03. Is féidir freastal ar Agallaimh Chianda ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus dosheachanta. Tá an t-agalláí freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain aige/aici ar áiseanna imleor le cur ar a gcumas páirt a ghlacadh in agallaimh ar líne.

Ní bheidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta freagrach as aon chostas a d'fhéadfadh a bheith ar iarrthóir agus é/í ag freastal ar agallamh.

### Teistiméireachtaí

Bheadh sé úsáideach dá dtosódh tú ag smaoineamh ar ainmneacha na ndaoine a bheadh mar mholtóirí oiriúnacha a d'fhéadfaimis dul i gcomhairle leo (2 ainm agus sonraí teagmhála). Ní gá d'fhostóir reatha a áireamh leis na moltóirí ach ba cheart go mbeidís in ann teistiméireacht a sholáthar duit; ba cheart go mbeadh ceann amháin díobh seo ar a laghad ina dhuine a raibh caidreamh díreach tuairiscithe agat leo. Ba chóir go mbeadh na moltóirí in ann faisnéis réasúnta le déanaí a sholáthar ar do fheidhmíocht agus ar d'iompraíocht i gcomhthéacs oibre. B'fhéidir gur mhaith leat moltóirí a roghnú a bheidh in ann faisnéis den sórt sin a sholáthar ó dhearcaí éagsúla nó i gcomhthéacsanna éagsúla oibre. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach ndéanfaimid teagmháil le moltóirí ach amháin má thagann tú faoi bhreithniú tar éis na céime agallaimh. Tabhair faoi deara, le do thoil, má éiríonn leat san agallamh, go mbeidh teistiméireacht de dhíth orainn ó d'fhostóir reatha roimh mholadh do cheapachán.

### Conas Iarratas a Dhéanamh

Chun iarratas a dhéanamh, cuir isteach **curriculum vitae (C.V.)** ionchuimsitheach a thaispeánann go soiléir na héachtaí agus an taithí ábhartha i do ghairm bheatha go dtí seo. Ní mór duit freisin **litir chumhdaigh (gan níos mó ná trí leathanach)** a chur isteach, le teideal an ról sa líne ábhair, ag cur síos ar an bhfáth a bhfuil suim agat sa deis agus an áit a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, eolas agus taithí riachtanais an ról. **Ní mór gach iarratas a chur isteach tríd an tairseach iarratais ar líne. Is féidir leat teacht ar an tairseach trí <https://biodiversityireland.ie/>**

### Dáta Deiridh

Ní mór do CV agus Litir Chumhdaigh a chur isteach faoi 5in Dé Máirt ar an 30ú Aibreán 2024. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an ama seo.

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 uair an chloig tar éis duit iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le do thoil le [publicsector@sigmar.ie](mailto:publicsector@sigmar.ie)

### Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta tiomanta do chomhdheiseanna do gach iarrthóir. Má tá míchumas ort nó má theastaíonn socruithe réasúnta uait le linn an phróisis earcaíochta, molaimid duit sinn a chur ar an eolas chun a chinntiú go bhfaighidh tú an tacaíocht atá uait. Ní bheidh aon tionchar ar an bpróiseas roghnúcháin ag éileamh coigeartuithe nó freastal réasúnach agus déileálfar leis an bhfaisnéis go léir a nochtfar faoi rún daingean.

### Iarrthóireacht a mheas a bheith tarraingthe siar



Ní bheidh aon éileamh chun comaoin breise ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh cibé áit agus cibé am a éilíonn an tlonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, nó nach dtugann, nuair a iarrtar sin, cibé fianaise a éilíonn an tlonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

### An Tréimhse Glactha

Éileoidh an tlonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ar an duine dá dtairgtear ceapachán glacadh leis an gceapachán laistigh de thréimhse nach faide ná trí mhí agus má theipeann air/uirthi glacadh leis an gceapachán laistigh de cibé tréimhse nó cibé tréimhse níos faide mar a chinneann an tlonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta dá rogha féin, ní cheapfaidh an tlonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta é/í.

### Ag canbhasáil

Iarracht ar bith ó iarrthóir, nó ó aon duine/daoine a ghníomhaíonn ar thionscnamh an iarrthóra, go díreach nó go hindíreach, trí chumarsáid scríofa nó ar shlí eile tionchar a imirt i bhfabhar an iarrthóra, ar aon bhall d'fhoireann an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta nó ar dhuine ainmnithe ar bith ag an tlonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun iarratasóirí a chur faoi agallamh nó a scrúdú, dícháileofar an t-iarrthóir go huathoibríoch ón bpost atá á lorg.

### Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Féadfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a lorg i leith daoine aonair a thagann faoi bhreithniú lena gceapadh.

### Sláinte

Beidh iarrthóirí i riocht sláinte a thabharfadh le fios go bhfuil ionchas réasúnach acu maidir le cumas chun seirbhís rialta agus éifeachtach a dhéanamh. D'fhonn an ceanglas maidir le sláinte a shásamh d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach don iarrthóir rathúil, sula gceapfar é/í, dul faoi scrúdú dochtúra ag liachleachtóir cáilithe le bheith ainmnithe ag an tlonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

### Fiosrúcháin/Tuilleadh Faisnéise

Má theastaíonn faisnéis bhreise uait nó chun plé rúnda a shocrú maidir leis an deis, seol ríomhphost le do thoil chuig [ncoleman@sigmar.ie](mailto:ncoleman@sigmar.ie)

### Eolas Ginearálta

### Comhlíonadh Dlíthiúil

Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta tiomanta do chomhlíonadh na reachtaíochta ábhartha ar fad le linn an fheachtais earcaíochta seo, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, an tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997, 2003 agus 2014.

### Comhlíonadh RGCS

Bailíonn, próiseálann agus stóráil an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta sonraí pearsanta, mar a sholáthraíonn iarratasóirí agus iad ag cur isteach ar an ról atá ar fáil. Déantar na sonraí a sholáthraíonn iarratasóirí a bhailiú, a thaifeadh, a stóráil, a choinneáil agus a scríosadh i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018.

### Úsáid Gléasanna Taifeadta

Tá cosc ar threalamh taifeadta a úsáid le linn an phróisis iarratais agus agallaimh.

### Oibleagáidí na nIarrthóirí

Ní cheadaítear d'iarrthóirí faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar go feasach. Ní cheadaítear d'iarrthóirí cur isteach ar an bpróiseas iomaíochta nó é a chur i gcontúirt ar bhealach ar bith.

### Iarratas ar Aiseolas

Cuirfear aiseolas ar fáil ag deireadh an phróisis roghnúcháin. Más gá a thuilleadh aiseolais is féidir é seo a iarraidh trí ríomhphost a sheoladh chuig [ncoleman@sigmar.ie](mailto:ncoleman@sigmar.ie)